6066. M6C

6066L001G2IC

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

Páipéar II

Gnáthleibhéal

2 uair 20 nóiméad

150 marc

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

ar leathanach 3

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

Freagair Ceist 1 agus **dhá** cheist as Roinn na Litríochta (Ceist 2 agus Ceist 3).

**Ceist 1:** An Léamhthuiscint (100 marc)

Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).

---

**Roinn na Litríochta (50 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 2:** | **2A.** | Prós Ainmnithe |
| | **2B.** | Prós Roghnach |
| **Ceist 3:** | **3A.** | Filíocht Ainmnithe |
| | **3B.** | Filíocht Roghnach |

Freagair **dhá** cheist as an roinn seo.

Ní mór duit tabhairt faoi **dhá** cheist, mar seo a leanas:

**Dhá** cheist as 2A **nó Dhá** cheist as 2B
**nó**
**Dhá** cheist as 3A **nó Dhá** cheist as 3B
**nó**
Ceist **amháin** as 2A **agus** Ceist **amháin** as 3A **nó** as 3B
**nó**
Ceist **amháin** as 2B **agus** Ceist **amháin** as 3A **nó** as 3B

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc (25 marc).

| CEIST 1 | – LÉAMHTHUISCINT – | (100 marc) |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Caitheamh Aimsire – Inniu agus Fadó

**1.** Bíonn baint mhór ag caitheamh aimsire le saol an duine, idir óg is aosta. Go minic, bíonn baint ag an gcaitheamh aimsire le cúrsaí aclaíochta, mar shampla, peil, rothaíocht, snámh nó rith. Tá saghsanna eile caitheamh aimsire ann nach bhfuil baint acu le haclaíocht ar chor ar bith, mar shampla, ceol a sheinm nó éisteacht le ceol, féachaint ar an teilifís, cniotáil, cócaireacht nó péintéireacht. Tá buntáistí ag baint le caitheamh aimsire i saol an duine, mar shampla, tugann sé sos do dhaoine ó bhrú an tsaoil, déanann sé meon dearfach a fhorbairt agus cabhraíonn sé le meabhairshláinte daoine.

**2.** Tháinig athrú mór ar an gcaitheamh aimsire in Éirinn le céad bliain anuas. Fadó in Éirinn, bhí saol an-difriúil ag na daoine. Ní raibh mórán ama le spáráil acu de bhrí go raibh an obair throm go léir le déanamh acu féin. Bhíodh na fir an-ghnóthach ag déanamh obair feirme, agus na mná ag tógáil clainne agus ag déanamh obair an tí. Nuair a bhíodh tamall saor acu san oíche, ba ghnáth leo cuairt a thabhairt ar na comharsana. Airneán a thugtaí ar an gcleachtas sin. Bhíodh scéalaíocht, imirt cártaí, ceol agus damhsa ar siúl sna tithe airneáin.

**3.** Le blianta beaga anuas, tá athrú an-mhór tagtha ar chaitheamh aimsire daoine, i saol an aosa óig go háirithe. Forbairt na teicneolaíochta is cúis leis sin. Sa lá atá inniu ann, tá gléas leictreonach de shaghas éigin ag beagnach gach duine. Bíonn daoine i dteagmháil lena gcairde beagnach an t-am ar fad ar na meáin shóisialta mar *TikTok* agus *Snapchat*. Roinneann siad pictiúir ar *Instagram*. Éisteann siad le ceol ar *YouTube*. Is féidir leo cumarsáid a dhéanamh le daoine mórthimpeall an domhain. De réir taighde nua, feiceann breis agus milliún duine ábhar Gaeilge ar *Twitter* gach lá. Táimid go léir faoi dhraíocht ag an domhan digiteach ach an bhfuilimid ag caitheamh an iomarca ama ar líne?

**4.** Fadó, bhíodh na mná chun deiridh ar na fir i gcúrsaí spóirt. Níor ghnách leis na mná a bheith ag imirt cluichí mar pheil, sacar, dornálaíocht nó ficheall. Ní bhíodh cumainn spóirt ann do na mná agus ní bhíodh mórán tuairiscí ar spórt na mban ar na meáin chumarsáide. Tá athrú iomlán air sin anois. D'fhógair RTÉ gearrliosta do Phearsa Spóirt na Bliana le déanaí agus is mná iad seisear den ochtar atá ainmnithe. Is ócáid stairiúil é mar níor ainmníodh an oiread sin ban riamh roimhe. Tá Rachael Blackmore, Ellen Keane agus Kellie Harrington i measc na mban atá ainmnithe anois. Sa bhliain 2009, tugadh isteach dornálaíocht na mban mar spórt Oilimpeach. Bhuaigh Katie Taylor bonn óir sa dornálaíocht sna cluichí Oilimpeacha sa bhliain 2012 agus Kellie Harrington in 2021. Ó shin i leith, tá suim an phobail i ndornálaíocht na mban ag fás gan stad. Is comhartha maith don todhchaí na hainmniúcháin seo i mbliana. Is comhartha iad gur féidir ómós a thabhairt dár laochra spóirt is cuma cé acu fir nó mná iad.

**5.** Bíonn an ceol mar chaitheamh aimsire ag a lán daoine. Bíonn taitneamh ag baint leis an gceol agus é ina chuid laethúil de shaol an duine. Ní raibh ceol beo le cloisteáil le linn phaindéim COVID-19 agus ba mhór an chaill é. Is beag ócáid shóisialta sa lá atá inniu ann nach mbíonn baint ag ceol de shaghas éigin léi. Nuair a théann duine chuig an teach tábhairne, bíonn ceol ar siúl chun cur leis an atmaisféar. Éisteann daoine le ceol ar an raidió, ar an

| | |
|---|---|
| teilifís, ar an ríomhaire, ar an bhfón póca agus sa charr. Bhí an ceart ar fad ag an Uachtarán Ó hUiginn nuair a dúirt sé, 'Is cuid an-tábhachtach i saol na hÉireann é an ceol. Is leagan beo den chur in iúl atá ann, a ligeann dúinn ár stair a iniúchadh, ár scéalta a insint agus machnamh a dhéanamh ar gach gné den saol.'<br><br>*Bunaithe ar eolas as foinsí éagsúla* |  |

**1.** (a) Scríobh síos **dhá** chaitheamh aimsire a bhfuil baint acu le cúrsaí aclaíochta. (Alt 1)

(b) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le caitheamh aimsire i saol an duine. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Cén cineál oibre a bhíodh ar siúl ag na fir agus ag na mná fadó? (Alt 2)

(b) Scríobh síos **dhá** rud a bhíodh ar siúl sna tithe airneáin. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Cén fáth a bhfuil athrú an-mhór tagtha ar chaitheamh aimsire daoine le blianta beaga anuas? (Alt 3)

(b) Luaigh **dhá** rud a dhéanann daoine ar na meáin shóisialta éagsúla. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais a thaispeánann go mbíodh na mná chun deiridh ar na fir i gcúrsaí spóirt fadó. (Alt 4)

(b) Tabhair **dhá** fháth a bhfuil suim an phobail i ndornálaíocht na mban ag fás gan stad. (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin gceol le linn phaindéim COVID-19. (Alt 5)

(b) Scríobh síos **dhá** rud a dúirt an tUachtarán Ó hUiginn faoin gceol. (Alt 5)

(10 marc)

**B – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Ba bhoichte an saol a bheadh ann gan an Raidió

**1.** Tá stiúideonna Raidió na Life suite ag 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1. Bíonn na stiúideonna beo bríomhar i gcónaí mar bíonn a lán daoine, idir óg is aosta, isteach is amach iontu. Bíonn ceol de gach saghas le cloisteáil iontu agus scéalta de gach sórt á bplé iontu ó mhaidin go hoíche. Is stáisiún pobail lán-Ghaeilge é Raidió na Life agus craolann sé cláir den scoth seacht lá na seachtaine. Bíonn siad ag craoladh ó mheán oíche go dtí a ceathair a chlog ar maidin agus ansin óna seacht ar maidin ar feadh an lae ó Luan go hAoine, agus ó cheann ceann an lae ar an Satharn agus ar an Domhnach.

**2.** Tháinig Raidió na Life ar an aer i mí Mheán Fómhair 1993. Cuireadh ar bun é chun seirbhís raidió a chur ar fáil do phobal na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Anois tá sé le cloisteáil ar an raidió ar fud chathair agus chontae Bhaile Átha Cliath. Tá sé le cloisteáil freisin ar an idirlíon ar fud an domhain ar www.raidiónalife.ie agus ar an aip 'An Seinnteoir Raidió'. Déanann Raidió na Life iarracht freastal ar éisteoirí ar bheagán Gaeilge agus ar éisteoirí atá líofa sa Ghaeilge. Bíonn canúintí éagsúla na Gaeilge le cloisteáil ag an meascán de chainteoirí Gaeltachta agus de chainteoirí Galltachta a chuireann na cláir i láthair.

**3.** Bunaíodh RTÉ Raidió na Gaeltachta le seirbhís iomlán raidió a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta agus do lucht labhartha na Gaeilge ar fud na tíre. Osclaíodh an stáisiún ar Dhomhnach Cásca, 2 Aibreán 1972. Tá an stáisiún ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód i mbliana. Tús ré nua a bhí ann nuair a osclaíodh Raidió na Gaeltachta agus tá sé deacair an saol a shamhlú gan é anois. Is cuid lárnach dár saol sa lá atá inniu ann cláir ar nós 'Adhmhaidin', 'An Saol Ó Dheas' agus 'Tús Áite'. Tá a lán daoine ann a éisteann le Raidió na Gaeltachta nó le Raidió na Life ó lá go lá. Tá na stáisiúin sin ina gcuid an-tábhachtach dá saol. Gan an raidió, is boichte an saol a bheadh acu.

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**
50 bliain ar an aer
1972 - 2022

**4.** Raidió áitiúil a bhí in RTÉ Raidió na Gaeltachta ag an tús ach is raidió náisiúnta agus raidió domhanda anois é. Áit ar bith ar domhan a bhfuil Gaeilgeoir, Éireannach nó eachtrannach, tiocfaidh Raidió na Gaeltachta air nó uirthi nuair a bhíonn tuairisc nuachta ag teastáil. Is minic a chloistear foireann RnaG ag caint le cainteoirí Gaeilge agus cuntas á thabhairt acu ar thubaiste nó ar eachtra mhór a tharla san áit a bhfuil siad. Más san Úcráin nó san Afganastáin atá an scéal, in San Francisco nó in Sydney, beidh glór ón áit ar RnaG. A bhuíochas d'fhorbairt na teicneolaíochta tá sé níos éasca ná riamh teagmháil a dhéanamh le daoine ar fud an domhain agus iad a chur ar an aer as stáisiún raidió aon áit in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá sé chomh héasca céanna teacht ar RnaG i mBostún anois agus atá i mBéal Feirste. Tá an Ghaeilge ag taisteal níos faide ó bhaile ná riamh.

**5.** Dúirt Ceannasaí Raidió na Gaeltachta, Gearóid Mac Donncha, le déanaí gur dúshlán mór faoin stáisiún anois é glúin nua éisteoirí a mhealladh sna blianta amach romhainn. Tá a lán bealaí ag daoine óga le teacht ar a rogha ceol anois agus deir Mac Donncha nach féidir glacadh leis go mbeidh an raidió ar bharr an liosta sin nuair atá ardáin mar *Spotify*, *iTunes* agus *YouTube* ann. Ní mór d'fhoireann RnaG smaoineamh chun tosaigh, a deir Mac Donncha. Is gá dóibh iarracht mhór a dhéanamh le cinntiú go mbeidh daoine ag éisteacht leis an stáisiún i gcónaí i gceann 50 bliain eile, go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil sna meáin chumarsáide agus go mbeidh sé éasca ag Gaeilgeoirí ar fud an domhain fanacht i dteagmháil le saol na Gaeilge is cuma cá mbeidh siad ina gcónaí.

*Bunaithe ar eolas as foinsí éagsúla*

**1.** (a) Cá bhfuil stiúideonna Raidió na Life suite? (Alt 1)

(b) Cén saghas stáisiúin raidió é Raidió na Life? (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Cén fáth ar cuireadh Raidió na Life ar bun i mí Mheán Fómhair 1993? (Alt 2)

(b) Scríobh síos an **dá** ghrúpa daoine a ndéanann Raidió na Life iarracht freastal orthu. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Cén fáth ar bunaíodh RTÉ Raidió na Gaeltachta? (Alt 3)

(b) Cad atá á cheiliúradh ag RTÉ Raidió na Gaeltachta i mbliana? (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais a thaispeánann gur raidió domhanda é RTÉ Raidió na Gaeltachta. (Alt 4)

(b) Conas a chabhraigh forbairt na teicneolaíochta le forbairt an stáisiúin? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Cén dúshlán mór atá faoi Raidió na Gaeltachta anois, dar leis an gCeannasaí? (Alt 5)

(b) Luaigh **dhá** bhealach a bhfuil daoine óga in ann teacht ar a rogha ceol anois. (Alt 5)

(10 marc)

## Roinn na Litríochta (50 marc)

**Léigh na treoracha ar leathanach 3.**

Tá **2A.** Prós Ainmnithe (a), (b), (c) ar leathanach 9.

Tá **2B.** Prós Roghnach (a), (b), (c) ar leathanach 10.

Tá **3A.** Filíocht Ainmnithe (a), (b), (c) ar na leathanaigh 11, 12 agus 13.

Tá **3B.** Filíocht Roghnach (a), (b), (c) ar leathanach 14.

## 2A – PRÓS AINMNITHE

**(a) Hurlamaboc**

‘Fiche bliain ó shin a pósadh Lisín agus Pól. Bheadh an ócáid iontach á ceiliúradh acu i gceann seachtaine.’

Déan cur síos ar shaol Lisín **agus** ar na rudaí a bhí le ceiliúradh aici.

(25 marc)

**(b) Oisín i dTír na nÓg**

‘Cé thú féin, a sheanóir bhoicht?’ arsa Pádraig. ‘Is mé Oisín i ndiaidh na Féinne … .
Tá mé i mo sheanóir bhocht dall, gan bhrí, gan mheabhair, gan aird.’

Tabhair cuntas ar shaol Oisín ón uair a d’fhág sé Éire le Niamh Chinn Óir go dtí deireadh an scéil.

(25 marc)

**(c) Dís**

Freagair na ceisteanna thíos faoin ngearrscéal *Dís*.

(i) Cén fáth a bhfuil bean Sheáin ‘míshona, míshásta’? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

(ii) Cén sórt duine é Seán, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais as an scéal.

(iii) Cén toradh a bhí ar an suirbhé, de réir an eolais ar an bpáipéar?

(iv) Tabhair **dhá** phointe eolais maidir le bean an tsuirbhé.

(v) Scríobh síos rud **amháin** a thaitin leat **agus** rud **amháin** nár thaitin leat faoin scéal seo.

(25 marc)

## 2B – PRÓS ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghiota sin, dar leat. Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghiota a léiríonn an príomhthéama sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal. Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharla don phríomhphearsa (don phríomhcharachtar) sa scéal sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**(c)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair achoimre ar na heachtraí (na himeachtaí) is mó ann.

(23 marc)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

## 3A – FILÍOCHT AINMNITHE

**(a) Colscaradh**

(i) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, na príomhsmaointe atá i véarsa a haon. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(ii) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, **dhá** phointe eolais faoin mbean i véarsa a dó.

(8 marc)

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin.

(9 marc)

### Colscaradh

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

**(b) An Spailpín Fánach**

(i) (a) Cad a dhéanann an spailpín 'go moch ar maidin', i véarsa a haon?
(b) Cad a gheobhaidh an spailpín 'ó rí na g*croppies*', i véarsa a haon?
(c) Cad a dhéanadh an spailpín i gCarraig na Siúire, i véarsa a dó?
(d) Cad a bhíodh á iompar ag an spailpín i gCallainn, i véarsa a dó?

(8 marc)

(ii) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoi shaol an spailpín i véarsa a trí.

(8 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(9 marc)

## An Spailpín Fánach

Im spailpín fánach atáim le fada
  ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
  'sag bailiú galair ráithe;
ach glacfad *fees* ó rí na g*croppies*,
  cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
  sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
  's as san go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
  cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
  ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
  'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
  ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
  im scaoinse ar leataoibh sráide,
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill
  á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –
  siúd siúl ar an spailpín fánach.

**(c) Géibheann**

(i) Cad is téama don dán *Géibheann*, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin téama sin sa dán.

(8 marc)

(ii) Luaigh an mothúchán is láidre a bhaineann leis an ainmhí, dar leat, sna línte 1-8 sa dán. Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an mothúchán sin. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(9 marc)

(iii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoi na daoine a thagann ar cuairt chuig an ainmhí anois, sna línte 13-17 sa dán.

(8 marc)

**Géibheann**

Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa
a bhfuil clú agus cáil
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

## 3B – FILÍOCHT ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Roghnaigh an íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán.
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. Is leor **dhá** phointe eolais.

(7 marc)

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**(b)** (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, scríobh síos príomhsmaointe an dáin, **i d'fhocail féin**. Is leor **dhá** phointe eolais.

(9 marc)

(ii) Roghnaigh íomhá (pictiúr) **amháin** a úsáideann an file sa dán seo.
Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin.

(7 marc)

(iii) Luaigh an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an mothúchán sin. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

## Gaeilge – Páipéar II

2 uair 20 nóiméad